| | |
|---|---|
| **Teideal na Cáipéise:** | Taifead Rannpháirtíochta an Teagascaí |
| **Cur Síos:** | Ba cheart do Theagascóirí an cháipéis seo a úsáid mar mheáin chun sonraí rannpháirtíochta nó idirghníomhaithe ar bith lena dTeagascaithe a thaifeadadh. |
| **Údar (Post):** | An Leas-Uachtarán (Gnóthaí Acadúla) agus Cláraitheoir |
| **Leagan:** | 1 |
| **Arna Fhaomhadh ag:** | Bord Rialaithe AIE |
| **Dáta Faofa na Cáipéise:** | Bealtaine 2020 |
| **Dáta an Chéad Athbhreithnithe Eile ar Bheartas:** | Aibreán 2023 (nó mar is gá) |

**Taifead Rannpháirtíochta an Teagascaí**

## 1. Comhthéacs

Le blianta fada anois bhí an córas teagascóra phearsanta ina phríomhchuid den bhonneagar tacaíochta a chuirtear ar fáil do mhic léinn in Institiúid Oideachais Marino (MIE). Le Nós Imeachta Chóras na dTeagascóirí agus le Beartas Chóras na dTeagascóirí sonraítear príomh-ghnéithe an bhealaigh a oibrítear an córas don fhoireann. Tá an cháipéis seo scríofa go príomha do bhaill foirne a ghníomhaíonn mar Theagascóirí.

## 2. Cuspóir

2.1. Is é cuspóir na cáipéise seo cáipéis chaighdeánach a chur ar fáil do Theagascóirí mar mheáin chun sonraí rannpháirtíochta nó idirghníomhaithe ar bith lena dTeagascaithe (féach Iarscríbhinn 1) a thaifeadadh.

2.2. Leis an gcáipéis seo cinntítear comhsheasmhacht maidir le taifeadadh agus chomh maith leis sin rialaítear raon feidhme agus méid na sonraí pearsanta a ghabhann gach Teagascóir maidir leis na Teagascaithe dá c(h)uid.

## 3. Treoirlínte maidir le Cad le Taifeadadh

3.1. Ar aon dul le Nós Imeachta Chóras na dTeagascóirí agus Beartas Chóras na dTeagascóirí de chuid MIE, ba cheart go mbeadh coinneáil taifead "soiléir, gonta, dátaithe agus sínithe" agus chomh maith leis sin comhréireach agus éifeachtach. Ní theastaíonn go mbíonn taifid ar chruinnithe ina dtaifid uileghabhálacha, agus ní theastaíonn go mbíonn siad ina dtaifid focal ar fhocal ach oiread.

Is roghanna eile bailí iad rannpháirtíocht agus idirghníomhú le ríomhphost nó ar theileafón, is roghanna bailí iad ar chruinnithe aghaidh ar aghaidh agus tá an próiseas [1] coinneála taifead infheidhme freisin sna chásanna sin.

3.2. Ba cheart go mbeadh na nithe a leanas san áireamh le taifid ar gach rannpháirtíocht agus idirghníomhú;

i. Dáta an chomhairliúcháin
ii. Na saincheisteanna a ardaíodh nó a pléadh
iii. Pointí gníomhaíochta ar bith don Teagascaí
iv. Pointí gníomhaíochta ar bith don Teagascóir
v. Sonraí atreoraithe ar bith chuig foinse eile tacaíochta.

Is dea-chleachtas é do chuid nótaí comhairliúcháin a thaispeáint don Teagascaí agus chun iarraidh air/uirthi aontú leo; is féidir sin a dhéanamh ag an gcruinniú nó le ríomhphost ina dhiaidh sin.

[1]Féach An Beartas Coinneála Taifead agusSceideal Coinneála Taifead MIE

Ba cheart cúram a ghlacadh maidir le leibhéal na sonraí a dhéantar a thaifead faoi dheacrachtaí pearsanta nó faoi fhadhbanna sláinte an Teagascaí. De ghnáth ní gá sonraí an-phearsanta a thaifeadadh mura n-iarrann an mac léinn go ndéantar é sin. De ghnáth bheadh taifead ina bhfuil sé luaite go bhfuil saincheist phearsanta ag Teagascaí agus go ndearnadh é/í a atreorú chuig comhairleoireacht nó go bhfuil fadhb sláinte ag mac léinn agus go bhfuil éileamh i leith cúinsí maolaitheacha á chur isteach imleor[2].

Nuair atá saincheist fhadtéarma nó athfhillteach ag mac léinn ansin ba cheart sin a thaifeadadh (m.sh. nuair atá freagrachtaí cúraim ag mac léinn). Ba cheart taifid a choinneáil ar fhaisnéis ábhartha eile a bhailítear ó thríú páirtithe, mar shampla, nuair a thuairiscíonn léachtóir do Theagascóir faoi neamhláithreacht an Teagascaí[3], faoi obair chúrsa nár cuireadh isteach nó faoi chúis imní eile, agus ar bheart ar bith arna ghlacadh ag an Teagascóir mar thoradh air sin.

### 3.3. An méid nár cheart a thaifeadadh

Tá an mac léinn i dteideal taifead ar bith de chuid an Teagascóra a fheiceáil agus dá bhrí sin moltar an méid a leanas:

i. Níl aon rud i dtaifid gur mian leis an Teagascóir nach bhfeicfidh an mac léinn

ii. Tá na taifid fíorasach

iii. Níor cheart go mbeadh taifid bunaithe ar thuairimí

iv. Ba cheart go mbeadh taifid neamhbhreithiúnach.

## 4. Cáipéisí Gaolmhara

4.1. Nós Imeachta Chóras na dTeagascóirí

4.2. Beartas Chóras na dTeagascóirí

4.3. An Beartas um Choinneáil Doiciméad

4.4. Sceideal Coinneála Taifead MIE

4.5. Arna n-oiriúnú ó na treoirlínte maidir le cad le taifeadadh ó Lámhleabhar don Teagascóir Pearsanta, Ollscoil Heriot Watt; leathanach 10.

---

[2] Féach An tSeirbhís Comhairleoireachta agusAn Beartas Meabhairshláinte
[3]Féach an Nós Imeachta um Monatóireacht ar Thinreamh

**Iarscríbhinn 1 - Taifead ar Rannpháirtíocht an Teagascaí**